# Sraith Straitéisí i gcomhair Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta

the arts council
an chomhairle ealaíon

Beartas a Chruthú le haghaidh Cleachtas Ionchuimsitheach Ealaíon

2022

# Clár na nÁbhar


## 1 Réamhrá

→ Réamhrá an Stiúrthóra

→ Cúlra

## 2 Beartas agus Straitéis d'Eagraíochta i gcomhair Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (CÉI)

## 3 Ag Tosú

→ Láidreachtaí agus Réimsíle Feabhsú a Thuiscint

→ Rannpháirtíocht an Ealaíontóra in CÉI

→ Rannpháirtíocht an Luchta Féachana in CÉI

→ Tosaíocht a Thabhairt do Bhunghníomhartha

# Clár na nÁbhar


4 **Beartas Éifeachtach a Fhorbairt**

5 **Monatóireacht agus Measúnú**

6 **Cás-staidéir**

7 **Gluais**

8 **Acmhainní agus Foilseacháin Úsáideacha**

9 **Aguisín (Teimpléid Cheistneoirí)**

- → Do Láidreachtaí agus Réimsí Forbartha a Thuiscint
- → Ceistneoir Féin-iniúchta um Rannpháirtíocht Ealaíontóra
- → Ceistneoir Féin-iniúchta don Lucht Féachana
- → Teimpléad Bunghníomhartha

1

# Réamhrá

→ Réamhrá an Stiúrthóra

→ Cúlra

→ Téigh chuig clár an ábhair

## Réamhrá an Stiúrthóra

**Is léiriú iad na healaíona ar ár bhféiniúlachtaí, ár stair, agus an todhchaí mar a shamhlaímid í. Spreagann, agus gríosaíonn na healaíona sinn; cuireann siad faoi gheasa sinn, agus téann siad i bhfeidhm orainn. Tá ealaíontóirí na hÉireann ina bpobal bríomhar agus gníomhach, pobal a mbaintear taitneamh as agus a ndéantar ceiliúradh air sa bhaile agus go hidirnáisiúnta araon. Cuireann ár dtallann leis an mbeogacht sin, tallann a chuimsíonn peirspictíochtaí ón iliomad cúlraí, féiniúlachtaí, agus eispéiris saoil.**

Lenár mBeartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht (CCDÉ) a sheoladh in 2019, leag an Chomhairle Ealaíon amach ár dtiomantas i leith éagsúlachta agus ionchuimsitheachta, ag aithint nach ceart daonna amháin í rannpháirtíocht sna healaíona, ach gné ríthábhachtach dár sochaí freisin. Le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn, feabhsaítear foirmeacha ealaíne trí mhalartú agus comhoibriú cruthaitheach; agus níos tábhachtaí fós, mealltar lucht féachana nua agus forbraítear foirmeacha nua cleachtais.

Mar Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon, bainim fuadar agus fuinneamh as na tionscadail agus na smaointe a tháinig chun solais mar fhreagairt ar an mBeartas CCDÉ. Tá a fhios agam gur togra é seo ar féidir linn leanúint den fhorbairt air sna blianta amach romhainn, ar bhonn aonair agus i gcomhair lena chéile. Soláthraíonn Sraith Straitéisí na Comhairle Ealaíon i gcomhair Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta uirlisí, eiseamláirí agus acmhainní ábhartha eile chun tacú le lucht na hearnála cuimhneamh ar an tslí a mbíonn siad ag plé le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht.

Chomh maith le treoracha céim ar chéim, cuimsíonn an tSraith Straitéisí Cas-staidéir, agus tá sé mar aidhm againn cur leis an tSraith Straitéisí le himeacht ama, de réir mar a thagann riachtanais sainiúla chun cinn.

Bíonn ár mian chun Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a bhaint amach i bpobal na n-ealaíon ag síorathrú mar is gá di. Fásann sí linn. Agus mar sin, ba mhaith liom fáilte a chur romhat úsáid a bhaint as an tSraith Straitéisí seo ní mar cheann scríbe inti féin, ach mar phointe tosaigh agus mar threoir.

Tá fáilte romhat tarraingt uirthi, í a cheistiú, agus í a chur in oiriúint do d'aistir CCDÉ féin. Is féidir linn timpeallacht níos cothroime, níos éagsúla agus níos ionchuimsithí a bhaint amach sna healaíonta in Éirinn – táimid ag súil le bheith ag obair leat chun é sin a chur i gcrích.

**Maureen Kennelly**
Stiúrthóir

## Cúlra

**Ba chóir don ealaíon agus don chultúr in Éirinn léargas a thabhairt ar éagsúlacht na sochaí comhaimseartha, chomh maith le cláir a thairiscint a tharraingíonn daoine isteach, agus a spreagann iad páirt a ghlacadh agus a bheith mar chuid de na healaíonta. Braitheann a lán ball den tsochaí go bhfuil siad ar leataobh, nó nach ndéantar ionadaíocht orthu, sna saothair a bhíonn á gcur i láthair ag eagraíochtaí ealaíne, músaeim agus institiúidí eile a sholáthraíonn cláir ealaíonta agus chruthaitheacha.**

Léiríonn Beartas agus Straitéis na Comhairle Ealaíon um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht (CCDÉ) ár dtiomantas chun ár dtuiscint ar neamhionannas sna healaíonta a dhoimhniú, agus slite substaintiúla a fhorbairt chun dul i ngleic leis an neamhionannas sin. Bailíonn an tSraith Straitéisí seo samplaí de dhea-chleachtas d'fhonn tacú le heagraíochtaí ealaíne ar an aistear chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn. Chuige sin, is gá dúinn ar fad ról a imirt le hathrú a chur ar bun.

Tá an tSraith Straitéisí seo beartaithe chun tacú le heagraíochtaí i gcur i bhfeidhm bearta dearfacha polasaí le comhionannas deiseanna, rochtana agus torthaí a chur chun cinn ar son gach duine atá ina chónaí in Éirinn, beag beann ar inscne, chlaonadh gnéis, stádas sibhialta nó teaghlaigh, aois, chine nó bhallraíocht den lucht siúil (is é sin le rá, na naoi dtréithe cosanta faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018).

Ina theannta sin, tarraingíonn an Chomhairle Ealaíon aird ar an gcúlra socheacnamaíoch mar fhoras eile ina gcaithfear comhionannais deiseanna, rochtain agus torthaí a chinntiú. Tairgeadh an tSraith Straitéisí seo chun tacú le heagraíochtaí ealaíne a mBeartas agus bPleananna Gníomhaíochta um Chomhionannais, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a ullmhú agus a thairgeadh. Tá an tSraith Straitéisí seo beartaithe chun cabhrú le heagraíochtaí CÉI a leabú go daingean mar luachanna a bheidh mar bhonn taca faoina ngníomhartha.

2

# Beartas agus Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht d'Eagraíocht

→ Téigh chuig clár an ábhair

**Le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a chur chun cinn, is gá dúinn go léir ról a imirt le hathrú a chur ar bun, agus chuige sin ní mór dúinn a bheith toilteanach a thuilleadh a fhoghlaim, dúshlán a chur romhainn féin, agus éisteacht le daoine eile. Cabhróidh an méid seo go léir linn ullmhú don athrú sin agus cinntiú go n-éireoidh leis.**

Beidh ar d'eagraíocht aghaidh a thabhairt ar thuiscint, ionadaíocht agus bhacainní rochtana, agus is féidir é seo a dhéanamh trí chomhobair fhiúntach agus comhroinnt eolais agus dea-chleachtas. Beidh éifeacht láithreach le cuid de na hathruithe a bheartóidh tú le cur i bhfeidhm. Ní bheidh cuid eile díobh chomh feiceálach céanna sa ghearrthéarma, ach beidh torthaí tábhachtacha acu san fhadtéarma. Tá an dá chineál toraidh sin tábhachtach.

Beidh ord difriúil ar thosaíochtaí gach eagraíochta laistigh dá mbeartas, bunaithe ar a méid, modh oibre agus acmhainní, ach fanann na gnéithe is tábhachtaí mar an gcéanna:

1. **Machnamh leanúnach**
   Do chuid ama a thógáil chun machnamh a dhéanamh go mion agus go macánta ar an bhfáth a bhfuil do bheartas CÉI á scríobh agat, agus ar láidreachtaí agus laigí d'eagraíochta. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh sé seo leanúnach, ag tarlú roimh, le linn agus i ndiaidh duit do bheartas a scríobh. Cuimhnigh nár cheart go mbeadh an beartas mar cheann scríbe ann féin, ach mar cháipéis lena chruthaítear spás don athrú

2. **Cúrsaí Ionadaíochta**
   Le bheith éifeachtach, caithfidh do bheartas a bheith ionadaíoch agus airdeallach orthu siúd a bhfuil a nglórtha, a dtaithí agus a riachtanais á gcloisteáil, agus orthu siúd nach bhfuil, agus níos tábhachtaí fós an chúis go bhfuil seo ag tarlú. Cuimhnigh gurb é an toradh a bheidh ar mhachnamh a dhéanamh ar pheirspictíochtaí difriúla i rith an phróisis ar fad beartas atá níos láidre agus a bhfuil saol níos faide aige

3. **Tomhas agus Cuntasacht**
   Cabhróidh forbairt beartas atá inoibrithe, a bhfuil torthaí intomhaiste air agus a bhfuil línte freagracht soiléire leis le hathruithe fadtéarmacha a chinntiú.

## Conas úsáid a bhaint as an tsraith straitéisí seo

Tá an cháipéis seo beartaithe le bheith mar threoir chun beartas a chruthú a oireann do riachtanais d'eagraíochta. Soláthróidh sí roinnt buneolais agus moltaí tábhachtacha, agus ligfidh sí do gach eagraíocht an beartas a réiteach de réir a gcuid riachtanas sainiúil féin.

Chun cabhrú le forbairt do Bheartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (CÉI), leagtar amach trí chéim thíos, chomh maith le heiseamláirí samplacha de cheisteanna a thabharfaidh treoir duit sa phróiseas.

- ✓ **Ag Tosú**
- ✓ **Beartas Éifeachtach a Fhorbairt**
- ✓ **Monatóireacht agus Measúnú**

## Ag Tosú

- → Láidreachtaí agus Réimsí le Feabhsú a Thuiscint
- → Rannpháirtíocht an Ealaíontóra in CÉI
- → Rannpháirtíocht an Luchta Féachana in CÉI
- → Tosaíocht a Thabhairt do Bhunghníomhartha

→ Téigh chuig clár an ábhair

**Tuigimid go bhfuil tréithe agus riachtanais éagsúla ag gach eagraíocht sa réimse CÉI. Léiríodh inár gcomhairliúcháin go bhfuil eagraíochtaí timpeall na hÉireann ag céimeanna difriúla ina bpróisis chun CÉI a fhorbairt agus a leabú go daingean ina gcuid oibre.**

**Is cuma cén suíomh, cén mhéid nó cén inniúlacht atá ag an eagraíocht, tá sé ríthábhachtach gur próiseas leanúnach d'fhéinscrúdú, mhachnamh agus shainaithint réimsí forbartha atá i gceist le CÉI. Ciallaíonn tiomantas do luachanna Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta go gcaithimid a bheith cáinteach ar an tslí a n-oibrímid go minic, bealaí a aithint chun feabhsú agus triail a bhaint as rudaí a d'fhéadfaí a athrú.**

Cé go bhfuil sé mar aidhm ag an tSraith Straitéisí seo moltaí a sholáthar le haghaidh machnaimh as a n-eascróidh beartas CÉI, ba cheart go mbeadh do thiomantas do CÉI bunaithe ar thoilteanas chun cleachtais reatha a cheistiú ar bhonn leanúnach, agus é mar aidhm agat deireadh a chur le haon hidirdhealú atá ann.

### Bailiú Sonraí

Féadfaidh bailiú sonraí cabhrú le d'eagraíocht chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus chun cinneadh a dhéanamh cibé ar bhain, nó nár bhain, tú do spriocanna amach. Cuimhnigh cibé an bhfuil gá, nó nach bhfuil gá, leasú a dhéanamh ar an modh reatha a úsáideann tú chun sonraí a bhailiú le níos mó a fháil amach faoi CÉI i d'eagraíocht.

Agus sin á dhéanamh, cuimhnigh go bhfuil an bealach a gcuirtear na ceisteanna (ag úsáid teanga ionchuimsitheach, mar shampla) chomh tábhachtach leis na ceisteanna féin go minic.

### Dean Ceangail

Leis an réimse páirtithe leasmhara atá páirteach sa phróiseas seo a leathnú, is féidir leat dul i dteagmháil le grúpaí áitiúla acmhainne agus abhcóideachta, le grúpaí pobail nó le Líonraí Rannpháirtíochta Pobail agus Aonaid Um Chuimsiú Sóisialta i d'Údarás Áitiúil.

**Rannpháirtíocht an Ealaíontóra in CÉI**
→ Íoslódáil an ceistneoir féin-iniúchta

**Rannpháirtíocht an Lucht féachana in CÉI**
→ Íoslódáil an ceistneoir féin-iniúchta

## Do láidreachtaí agus réimsí le feabhsú a thuiscint

Slí mhaith chun tús a chur leis an bpróiseas chun do Bheartais CÉI a chruthú is ea measúnú a dhéanamh ar do láidreachtaí agus laigí.

Beidh na ceisteanna a leanas, agus a thuilleadh sa cheistneoir féin-iniúchta, ina gcabhair duit dearcadh a fháil ar na réimsí ina bhféadfadh dul chun cinn a bheith déanta ag d'eagraíocht cheana féin, agus ar réimsí eile ina bhfuil scóip chun feabhsú.

**Buncheisteanna le plé**

1. An aithnítear luachanna Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta inár n-eagraíocht?
2. An bhfuil Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht Ionnaithe go daingean ag gach leibhéal dár n-eagraíocht, agus an bhfuil línte freagrachta soiléire ann?
3. An bhfuil spriocanna soiléire agus dearcadh soiléir againn ar na nithe a dteastaíonn uainn a bhaint amach, agus ar conas a dhéanfaimid an dul chun cinn a thomhais?
4. Conas a fhaighimid eolas/ conas a bhailímid sonraí maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht?
5. An bhfuil baill ár mBord ionadaíoch ar éagsúlacht na hÉireann, le tagairt shonrach do na 9 saintréith chosanta agus don stádas socheacnamaíoch?

Is féidir le d'eagraíocht ceistneoir féin-iniúchta a chomhlánú mar phointe tosaigh chun beartais agus cleachtais reatha a mheas agus chun réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu a aithint. Cuimhnigh go bhfuil gach eagraíocht uathúil, agus mar sin tóg am chun machnamh cúramach a dhéanamh ar céard a chiallaíonn sé seo duitse.

→ Íoslódáil agus comhlánaigh an ceistneoir féin-iniúchta iomlán in MS Word

## Ealaíontóirí agus Lucht Féachana a Tharraingt Isteach

Tá an nath 'faic fúinn inár n-éagmais' ríthábhachtach nuair atá Beartas agus Straitéis CÉI á bhforbairt. Cinntigh go bhfuil réimse de pháirtithe leasmhara atá ionadaíoch mar bhonn eolais faoi do phróiseas forbartha beartais. Ag brath ar d'acmhainní agus ar dhoimhneacht na rannpháirtíochta, b'fhéidir go mbainfeá feidhm as grúpaí fócais, suirbhéanna nó straitéisí eile chun seans a thabhairt do pháirtithe leasmhara difriúla cabhrú leat. Agus ardán á sholáthar chun cúrsaí CÉI a phlé, beidh an deis ag ealaíontóirí agus lucht féachana a gcuid léargais agus taithí a roinnt, chomh maith le réimsí forbartha a thabhairt chun solais, straitéisí a mholadh agus aiseolas a thabhairt.

**Rannpháirtíocht an Ealaíontóra in CÉI**
D'fhéadfadh an ceistneoir féin-iniúchta maidir le Rannpháirtíocht an Ealaíontóra in CÉI a bheith mar phointe tosaigh chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a mheas i ndáil le cur chuige d'eagraíochta chun ealaíontóirí a fhostú, agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Cuimhnigh go bhfuil gach eagraíocht uathúil, agus mar sin tóg am chun machnamh cúramach a dhéanamh ar céard a chiallaíonn sé seo duitse.

**Buncheisteanna le plé**

1. An eagraíocht fháilteach agus inrochtana sinn do gach ealaíontóir, beag beann ar a n-inscne, a gclaonadh gnéis, a stádas sibhialta nó teaghlaigh, a gcreideamh, a n-aois, a míchumas, a gcine, a mballraíocht sa lucht siúil, nó a stádas socheacnamaíoch?
2. An gcoimeádaimid sonraí bonnlíne ar an réimse ealaíontóirí lena dtacaímid? An bhféadfaimis na slite a bhfaighimid sonraí maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a fheabhsú?
3. An bhfuil na healaíontóirí a bhíonn fostaithe agus coimisiúnaithe againn ionadaíoch ar éagsúlacht na hÉireann, le tagairt shonrach do na 9 saintréith chosanta agus don stádas socheacnamaíoch?

→ Íoslódáil agus comhlánaigh an ceistneoir féin-iniúchta iomlán in MS Word

**Rannpháirtíocht an luchta féachana/ na rannpháirtithe in CÉI**
D'fhéadfadh an ceistneoir féin-iniúchta maidir le Rannpháirtíocht an Luchta Féachana in CÉI a bheith mar phointe tosaigh chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a mheas i ndáil le chur chuige d'eagraíochta chun freastal ar do luchtanna féachana áitiúla. Cuimhnigh go bhfuil gach eagraíocht uathúil, agus mar sin tóg am chun machnamh cúramach a dhéanamh ar céard a chiallaíonn sé seo duitse.

**Buncheisteanna le plé**

1. An bhfuil rannpháirtithe/baill den lucht féachana nó grúpaí ann a d'fhéadfaí a fhágáil ar lár d'aon ghnó nó de thaisme?
2. An bhfuil luchtanna féachana/ rannpháirtithe ar an eolas faoi luachanna agus bheartais ár n-eagraíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht?
3. An bhfuilimid ag tógáil céimeanna dearfacha lena chinntiú go bhfuil an lucht féachana/rannpháirtithe atá againn ionadaíoch ar éagsúlacht na bpobal áitiúil agus an pobal níos leithne, le tagairt shonrach do na 9 saintréith chosanta agus don stádas socheacnamaíoch?
4. An bhfuil an lucht féachana/na rannpháirtithe páirteach i bhforbairt ár straitéisí um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht?

→ Íoslódáil agus comhlánaigh an ceistneoir iomlán féin-iniúchta maidir le Rannpháirtíocht an Luchta Féachana in MS Word

## Tosaíocht a Thabhairt do Bhunghníomhartha

Tar éis bunghníomhartha a aimsiú faoi gach catagóir (Do láidreachtaí agus réimsí le feabhsú a thuiscint, Rannpháirtíocht an Ealaíontóra agus Rannpháirtíocht an Luchta Féachana), b'fhéidir go mba mhaith leat tosaíocht a thabhairt do na cinn is tábhachtaí dar le d'fhoireann agus do bhord, agus amscála a phleanáil atá indéanta leis na hacmhainní atá agat faoi láthair

Is féidir úsáid a bhaint as an Teimpléad de Bhunghníomhartha (figiúr 1) mar uirlis bhreise chun teacht ar na hacmhainní a theastaíonn ó d'eagraíocht chun gníomhartha a chur i bhfeidhm laistigh den amscála, agus chun teacht ar dhuine a bheidh i bhfeighil ar an obair sin. Ná déan dearmad, áfach, go caithfidh gach duine a bheith freagrach as obair CÉI chun fíor-athrú a bhaint amach.

**Figiúr 1:** Léaráid ar Thús Áite a Thabhairt do Phríomhghníomhaíochtaí




→ Íoslódáil agus comhlánaigh an Teimpléad de Bhunghníomhartha in MS Word

4

# Beartas Éifeachtach a Fhorbairt

→ Téigh chuig clár an ábhair

# ❹ Beartas Éifeachtach a Fhorbairt

**Beidh an léargas agus an t-eolas a bhaileoidh tú i rith do chéad chéim mheastóireachta mar bhunús áisiúil duit chun do Bheartas CÉI a chruthú. Gheobhaidh tú deis le spriocanna agus amscálaí a dhéanamh amach tríd an eolas sin a scrúdú le foireann d'eagraíochta, leis an mbord agus le páirtithe leasmhara eile.**

Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar do láidreachtaí agus do dheiseanna, is féidir leat tosú ar do bheartas agus plean gníomhaíochta a fhorbairt. Beidh do bheartas éifeachtach má tá tú soiléir ar d'fhís agus do phrionsabail; má leagann tú amach spriocanna indéanta, má fhorbraíonn tú córas leis na spriocanna sin a bhaint amach, agus má chinneann tú cé a bhainfidh leas as agus cén chaoi. Le himeacht na mblianta, is dócha go n-athróidh cuid de do spriocanna nó go dteastóidh uait an straitéis a athrú chun spriocanna faoi leith a bhaint amach.

Ba cheart do do bheartas CÉI a bheith ina 'cháipéis bheo' a théann i ngleic i gcónaí le do thosaíochtaí féin agus le hathruithe inár sochaí. Moltar athbhreithniú bliantúil (ar a laghad) a dhéanamh ar do bheartas, agus ar do phlean gníomhaíochta go háirithe, lena dhéanamh amach an bhfuil na hathruithe a shamhlaigh tú ag tarlú, le réimsí feabhais a aithint, agus le réimsí ina bhfuil tacaíocht ag teastáil uait a thabhairt chun solais.

Agus tú ag déanamh plean ar son d'eagraíochta, is féidir leat úsáid a bhaint as cur chuige SMART atá ann le haghaidh spriocanna, agus athbhreithniú a dhéanamh ar gach sprioc ag deireadh seala. Mar shampla, b'fhéidir go mbeartófá go mbeadh sé mar sprioc agat léiriú níos leithne a fháil ar éagsúlacht na n-ealaíontóirí a bhfuil tú ag obair leo (trí chláir chónaithe nó trí choimisiún a sholáthar, mar shampla). Cabhróidh sé seo chun aon bhac féideartha d'ionchuimsitheacht a aithint, agus chun bunlíne a leagan síos gur féidir athruithe a thomhais ina coinne. Chun an sprioc seo a bhaint amach, is é do phlean don bhliain seo ná sonraí comhionannais a bhailiú trí shuirbhé d'ealaíontóirí a dhearadh agus a sheachadadh, le fócas ar na 9 saintréith chosanta agus ar an stádas socheacnamaíoch. Tá an sprioc sonrach mar gur aithin tú réimse ar leith a bhféadfá athrú a dhéanamh ann; tá sé intomhaiste mar go bhfuil sonraí gur féidir leat a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu go bliantúil; tá sé indéanta mar is féidir an suirbhé a cheangal isteach le próiseas coimisiúnaithe nó roghnaithe atá ann cheana féin; tá sé ábhartha mar go dtagann an t-athrú laistigh den chlár níos leithne atá agat maidir le héagsúlacht na n-ealaíontóirí a fhostaíonn tú; tá amscála ag dul leis mar go bhfuil sé i gceist agat an suirbhé a chur i bhfeidhm sa chéad bhabhta eile den phróiseas coimisiúnaithe nó roghnaithe, agus go bliantúil ina dhiaidh sin.

**Spriocanna SMART**

Déantar amach spriocanna SMART (sonrach, intomhaiste, indéanta, ábhartha agus faoi cheangal ama) trí úsáid a bhaint as liosta sainiúil critéar a dheimhníonn gur féidir do spriocanna a bhaint amach laistigh d'achar ama faoi leith).

B'fhéidir go gcabhróidh an cur chuige seo leat chun spriocanna do bheartais a fhorbairt.

**Sonrach**
Díreach, mionsonraithe agus fiúntach

**Intomhaiste**
Is féidir leat dul chun cinn nó rath a mheas

**Indéanta**
Tá tú in ann do sprioc a bhaint amach

**Ábhartha**
An fáth a bhfuil an sprioc sin tábhachtach

**Faoi cheangal ama**
Aineann spriocdháta leis an sprioc!

5


# Monatóireacht agus Measúnú

→ Téigh chuig clár an ábhair

**Ba chóir don mhír deiridh den bheartas díriú ar Mhonatóireacht agus Measúnú. Go ginearálta, déanfaidh sé seo amach cé a bheidh páirteach i monatóireacht an bheartais agus na gníomhartha a bhaineann leis sin (mar shampla, Bord d'eagraíochta), cé a ghabhfaidh úinéireacht ar an mbeartas (d'fhéadfadh grúpa daoine a bheith i gceist anseo, agus duine amháin leis an bhfreagracht dheiridh) agus minicíocht/amanna na monatóireachta.**

Leagann an mhír seo sceideal amach le haghaidh meastóireacht agus athbhreithniú ar an mbeartas, agus b'fhéidir go dtarlóidh sé seo ag an am céanna le sceidil athbhreithnithe eile (mar shampla: spriocdháta plean straitéisigh nó spriocanna le beartais eile). Taispeántar sa cur chuige san íomhá (figiúr 2) cineál timthriallach do bheartais, ar féidir athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas sin agus é a leasú nuair a dhéantar measúnú ar a thorthaí.

**Figiúr 2:** Léaráid Mhonatóireachta agus Mheasúnaithe



6

## Cás-Staidéir

→ Téigh chuig clár an ábhair

**Tá fís Leabhair Pháistí Éireann simplí: is léitheoir é gach uile pháiste. Is é an misean atá againn: grá don léitheoireacht a chothú i measc páistí agus daoine óga na hÉireann; ár saineolas agus ár ndíograis a roinnt leis na daoine fásta a bhíonn mar threoir agus thionchar do na páistí sin; agus ceiliúradh a dhéanamh ar cheart gach páiste teacht ar leabhair den scoth agus imeachtaí beo litríochta, chomh maith le tacú leis na healaíontóirí a chuireann an sprioc sin i gcrích fud fad oileán na hÉireann.**

childrensbooksireland.ie

**Cad a rinneamar chun luachanna CÉI a leabú/a chothú inár n-eagraíocht?**
Chuamar trí phróiseas iniúchta ar gach gné dár n-eagraíocht, idir an bord agus ár bpróisis earcaíochta, an lucht léitheoireachta atá againn, na healaíontóirí lena mbímid ag obair agus na leabhair a chuirimid chun cinn. In 2021 dhírigh ár dtionscadal 'Free To Be Me' [Saor Ionam Féin], i gcomhpháirtíocht




**Maisitheoir Ashwin Chacko le beirt pháiste scoile ó Scoil Mhuire, Sráid Dorset ag déanamh ceiliúradh ar an bhfeachtas Mé Féin Gan Srian**
Grianghraf le: Julien Behal

le KPMG, ar neart de na réimsí sin. Bhí an tionscadal bunaithe ar 'Free To Be Me: The Diversity, Inclusion and Representation Reading Guide' [Saor Ionam Féin: An Treoirleabhar Éagsúlacha, Ionchuimsitheachta agus Ionadaíochta], ina raibh thart ar 370 leabhar do pháistí agus do dhaoine óga idir 0–18. Sna leabhair sin tá carachtair ó réimse leathan cúlraí atá faoi ghannionadaíocht, agus taispeántar éagsúlacht iontu maidir le hinscne, claonadh gnéis, míchumas, cine agus eitneacht, creideamh agus stádas socheacnamaíoch. Tá carachtair ann a thagann ón Lucht Siúil, atá néara-éagsúil, agus a thagann ó chineálacha éagsúla teaghlach. Is é an aidhm a bhí le 'Free To Be Me' go bhfeicfeadh gach páiste a mhacasamhail féin i leabhar iontach, agus go bhfoghlaimídís faoin saol atá ag daoine eile a bhfuil taithí agus dearcadh difriúil acu.

Coimisiúnaíodh ealaíon chlúdaigh úrnua ón ndearthóir Ashwin Chacko, páirtnéir bunaithe de DeisgnOpp agus duine a thacaíonn le héagsúlacht sa dearadh in Éirinn. Rinneadh póstaeir i mBéarla agus i nGaeilge mar chuid dár bpaca scoile, ina raibh bileoga dathadóireachta chomh maith, ionas go bhféadfadh na páistí a leagan féin d'íomhá chlúdaigh an treoirleabhair a chruthú, chomh maith le hacmhainní teagaisc chun úsáid a bhaint as na leabhair seo i seomraí ranga. Chun aitheantas a thabhairt do na nósanna, cumais agus riachtanais sainiúla atá ag gach páiste i leith na léitheoireachta, rinneadh leagan inrochtana den treoirleabhar, chomh maith le bunachar sonraí d'fhormáidí inrochtana agus aistriúcháin ar gach leabhar.

Ina theannta sin, cruthaíodh Leabharlanna Beaga 'Free To Be Me' – bailiúchán de 100 leabhar ón treoirleabhar do pháistí bunscoile. Le tacaíocht ó chomhpháirtithe corparáideacha agus rialtais, thugamar amach 43 Leabharlann Bheaga do scoileanna ina raibh easpa leabhair éagsúla ar fáil do na páistí.

**Cén hiad na céimeanna a bhí riachtanach don athrú sin?**

Ba shaineolaí seachtrach a d'oibrigh linne agus le heagraíochtaí litríochta eile mar chuid de thionscnamh mór ar bhí ar bun ag Words Ireland a réitigh an obair eagrúcháin.Phléamar na réimsí ina raibh obair ag teastáil lenár mbord agus ár bhfoireann fheidhmeannach, mar shampla ár n-oifig a bheith ar an chéad urlár, agus na fadhbanna rochtana a chruthaíonn sé sin. D'fhéachamar chomh maith ar na hathruithe a d'fhéadfaimis a dhéanamh sa tréimhse ghairid, mar shampla ár bpróiseas earcaíochta a dhéanamh níos ionchuimsithí, agus gairm oscailte a chur amach i gcomhair comhaltaí den bhord ó chúlraí faoi ghannionadaíocht nuair a




**Daltaí de chuid Scoil Mhuire Naofa, Sráid Dorset ag seoladh an tionscadail Free To Be Me de chuid Leabhair Pháistí Éireann**
Grianghraif: Julien Behal

tháinig deireadh le téarmaí triúr dár gcuid Stiúrthóirí. Mar chuid den tionscnamh Words Ireland, a fuair maoiniú ó Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne de chuid na Comhaire Ealaíon, d'fhoghlaimíomar ó na torthaí a tháinig as suirbhé lán-earnála a rinneadh ar phá agus choinníollacha ealaíontóirí agus ar bhacainní rochtana. Chabhraigh sé seo linn clár tacaíochta a chur le chéile i gcomhair forbairt ghairmiúil d'údair agus do dhearthóirí ó chúlraí faoi ghannionadaíocht, clár a chuirfear ar fáil in 2022 i gcomhpháirtíocht le Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath, Dearthóirí Éireann, Foilsitheoireacht Éireann agus Ionad Tyrone Guthrie.

Chun 'Free To Be Me' a chur le chéile, bhailíomar painéal d'ochtar eagarthóirí le chéile chun measúnú a dhéanamh ar an 1,750 leabhar a chuir foilsitheoirí faoinár mbráid. Rinne an fhoireann plé díograiseach ar théamaí agus ar theanga chuí agus ionchuimsitheach, ionas go bhféadfaí treoirleabhar stíle a chruthú agus a chomhroinnt lenár 184 léirmheastóirí. Foilsíodh 30,000 cóip agus seoladh iad go dtí gach údarás scoile agus leabharlann ar oileán na hÉireann, ionas go mbeadh seans ag na daoine fásta a threoraíonn léitheoireacht na bpáistí (múinteoirí, tuismitheoirí, leabharlannaithe) iad féin a chur ar an eolas agus deimhniú go mbeadh na leabhair ar fáil do léitheoirí óga.

**Cad a spreag sinn chun tabhairt faoin bpróiseas seo?**

Ba é fonn láidir a bheith níos ionchuimsithí i gcoitinne an rud a spreag ár n-athbhreithniú eagrúcháin. Fuaireamar maoiniú ó scéim tacaíochta forbartha acmhainne na Comhairle Ealaíon agus tríd an bpróiseas sin bhíomar in ann teacht ar thacaíocht agus threoir agus bunchlocha ár mBeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta a aithint.

Bhí an tionscadal 'Free To Be Me' mar uaillmhian againn le tamall fada. Leis an bhfeachtas #WeNeedDiverseBooks agus na tuairiscí 'Reflecting Realities' sa Ríocht Aontaithe tarraingíodh aird ar an easpa éagsúlachta agus ionchuimsitheachta i bhfoilsitheoireacht do pháistí agus dhaoine óga, agus theastaigh uainn ceiliúradh a dhéanamh ar na leabhair iontacha a dhéanann ionadaíocht dhearfach ar charachtair ó chúlraí éagsúla. Mar shampla amháin, léiríodh i dtaighde géar ó na Stáit Aontaithe agus ón Ríocht Aontaithe nach ndearna ionadaíocht ar charachtair de dhath i

ndóthain leabhar, agus bhraitheamar mar sin go raibh sé tábhachtach poiblíocht a dhéanamh ar na leabhair ionadaíocha a bhí foilsithe cheana féin agus a raibh chaighdeán iontach ealaíonta le fáil iontu. Trí chomhoibriú le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill, chuireamar eolas ar na tacaíochtaí atá ar fáil do léitheoirí a bhfuil lagú radhairc orthu, agus rinneamar machnamh ní hamháin ar cad a léann páistí, ach ar conas a léann siad freisin. Dheimhnigh an treoirleabhar inrochtana, agus bunachar na bhformáidí inrochtana, go bhféadfadh réimse níos leithne léitheoirí leas a bhaint as an tionscadal 'Free To Be Me'.

**Conas a chuaigh an togra seo i bhfeidhm ar ár n-eagraíocht, agus ar na daoine a bhíonn ag plé linn?**
Fuaireamar aiseolas dearfach ó leabharlanna, ó mhúinteoirí agus ón earnáil i dtaobh 'Free To Be Me' – tugann an treoir léitheoireachta an t-eolas cuí dóibh lena chinntiú go bhfuil fáil ag na páistí agus ag daoine óga ar réimse leathan scéalta. Téann Leabharlanna Beaga céim níos faide arís, ag saothrú leabhar do leabharlanna bunscoileanna, agus ar an mbealach sin tugtar deis do léitheoirí óga a macasamhail féin a fheiceáil faoi chaibidil i leabhar, agus cultúir, féiniúlachtaí agus taithí eile atá éagsúil óna saolta féin a fhiosrú freisin. Tá súil againn go leagfaidh an treoirleabhar béim ar réimsí a ndéantar ionadaíocht níos laige orthu agus go spreagfaidh sé foilsitheoirí chun scéalta ina bpríomhcharachtair ón lucht siúil, mar shampla, a lorg.

Soláthraíonn an t-athbhreithniú ginearálta ar ár n-eagraíocht plean gníomhaíochta dúinn, agus tá a fhios againn nach mbíonn deireadh leis an saothar seo riamh, ach gur féidir é a shníomh isteach inár gcóras oibre amach anseo. Agus bearta ar nós oifigeach Ghaeilge a earcú agus tabhairt isteach peirspictíochtaí nua ag leibhéal an bhoird againn, beimid níos ionchuimsithí anois agus sa todhchaí, ach tógfaidh athruithe eile, ar nós an aistrithe go dtí áitreabh nua, níos mó ama.

**Cad é an rud is tábhachtaí a d'fhoghlaimíomar agus sinn ag tabhairt faoin bpróiseas seo?**
Mar charthanacht, tuigimid an luach atá le trédhearcacht agus cuntasacht, ach d’fhoghlaimíomar an tábhacht atá leis na luachanna sin a áirithiú i bpróiseas na hionchuimsitheachta. Gan amhras, déanfaimid botúin nó obair lochtach, ach is féidir linn foghlaim ón bpróiseas agus a bheith oscailte faoi na spriocanna atá againn. Is féidir linn foghlaim ónar gcomhghleacaithe laistigh agus lasmuigh den earnáil. Beimid ag foghlaim linn an t-am ar fad. Ar chríochnú ár mbeartais, atá idir lámha ag fochoiste den bhord sula rachaidh sé ar ais chuig an mbord agus an fhoireann lena phlé, foilseoimid é ionas gur féidir linn (agus lenár bpáirtithe leasmhara) taifead a choimeád ar an dul chun cinn a dhéanfaimid.

Tuigimid go bhfuil sé tábhachtach éisteacht le réimse leathan peirspictíochtaí, agus dul i mbun comhráítí leanúnacha lenár bhfoireann, ionas gur féidir linn a bheith ag foghlaim le chéile, agus timpeallacht a chruthú ina bhfuil meas ar an bhfiosracht agus ar an nglacadh.

**Le thart ar 50 bliain anuas, tá an tIonad Ealaíon Project mar bhaile, mar mhol agus i gcroílár aicsin d'ealaíontóirí agus lucht féachana atá sásta dul sa seans. Tá an tIonad, a thosaigh amach mar chomharghrúpa beag d'ealaíontóirí in 1966, ar an tslí chun a bheith mar ionad náisiúnta na hÉireann do na healaíona comhaimseartha. Tá tionchar ollmhór ag ár suíomh i gcroílár chathair Bhaile Átha Cliath agus ag na daoine atá ina gcónaí anseo orainn, spreagann siad muid agus múnlaíonn siad ár gcuid oibre. Tá Project tiomanta don lucht féachana a chur i gcroílár a phleanála ealaíonta, trí thacú le healaíontóirí éagsúla chun saothair a léiríonn castachtaí an tsaoil chomhaimseartha in Éirinn a dhéanamh agus a chur i láthair.**

projectartscentre.ie

**Cad a rinneamar chun luachanna CÉI a leabú/a chothú inár n-eagraíocht?**
Oibríonn Project le healaíontóirí ó gach fhoirm ealaíne, agus bíonn sé i gcónaí ag lorg foirmeacha úra uaillmhianacha de rannpháirtíocht chun an ealaín a oscailt do lucht féachana níos nuaí agus níos leithne. I rith na paindéime, shocraíomar Grúpa Comhairle CÉI, agus d'eagraíomar sraith chomhráití dhoimhne le thart ar 30 ealaíontóirí, gníomhaithe sóisialta, oibrithe sna healaíona agus daoine cruthaitheacha ó chúlraí éagsúla. D'oibríomar lenár mbaill, lenár bhfoireann agus lenár mbord chun freagra a thabhairt ar na moltaí a tháinig ón nGrúpa Comhairle, moltaí a bhí mar bhonn eolais faoinár mbeartas nua, i dTreo Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (TEDI). Rinneadh an beartas sin a chomhtháthú inár bplean straitéiseach don chéad chúig bliana eile - Obair (2022–2026), agus tá sé lárnach inár n-aidhmeanna don tréimhse sin.

**Is iad seo a leanas na nithe atá curtha i gcrích againn:**

– Bhí an fhoireann rannpháirteach i ngach staid d'fhorbairt an bheartais

– Chuireamar oiliúint ar fáil don fhoireann

– Bhunaíomar Grúpa Meastóireachta agus Monatóireachta ar a raibh comhaltaí den Bhord, den Fhoireann agus de bhaill Project, chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais agus a éifeacht a mheas

– D'oibríomar le Arts and Disability Ireland chun cur leis an méid imeachtaí agus taispeántas inrochtana agus a bhfuil fotheidil, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus/nó tráchtaireacht fuaime

– Rinneamar iniúchadh inrochtana ar shuíomh idirlín an Ionaid Ealaíon Project

– D'fhorbraíomar Scéal Sóisialta ar líne chun an lucht féachana a threorú tríd an bhfoirgneamh

- D'oibríomar le comhlacht ailtireachta chun taighde a dhéanamh sa phobal déanach in 2021, lena dhéanamh amach conas a d'fhéadfaimis ár bhfoirgneamh a dhéanamh níos fáiltí agus níos ionchuimsithí mar chuid de phróiseas comhdheartha

- Leanamar den chothú ar an gcaidreamh cruthaitheach leis an bpobal in Fatima, Baile Átha Cliath 8

- Chuireamar lenár gcár scoileanna in 2021 agus thógamar caidreamh le dhá scoil ó Thuaisceart Lár na Cathrach, agus trí chlár píolótach inar meascadh cónaitheachtaí d'ealaíontóirí ar shuíomh na dá scoile sin agus turais chuig Project chun saothair chomhaimseartha a fheiceáil. Leanfaidh an clár seo ar aghaidh in 2022, le béim ar leith ar an damhsa comhaimseartha




**Phillip Connaughton agus an Pobal FGU | Dance Uncovered Meitheamh 2021 | Ionad Ealaíon Project**
Grianghraf le: Cathy Coughlan

– Choimisiúnaíomar 'Spotlight: Éire to the World', scannán a thugann le chéile saothair ó 20 ealaíontóirí Gorma Éireannacha agus a lán oibrithe agus daoine cruthaitheacha sna healaíona ó chúlra Gorm Éireannach

– Choimisiúnaíomar saothair nua ó bhaill an ghrúpa Comhairle TEDI a bhain lena dtaithí ar a bheith ag obair sna healaíona. Baineann na saothair leis na ceithre réimse tosaíochta sa bheartas, i.e. Gnéasacht agus Éagsúlacht Inscne; Míchumas; Cúlra Socheacnamaíoch; agus Éagsúlacht Chultúrtha.

**Cén hiad na céimeanna a bhí riachtanach don athrú sin?**
Theastaigh am, airgead agus solúbthacht le haghaidh gach ceann de na céimeanna thuas.

Chun ealaíontóirí a tharraingt isteach i bhforbairt an bheartais, chruthaíomar buiséad le cinntiú go n-íocfaí na healaíontóirí as a gcuid ama. Anuas air sin, chuireamar lenár mbuiséid i gcomhair rochtana, oiliúint foirne, R&D (an Máistirphlean) agus clár Acmhainne Project. Léirítear ár bprionsabail agus ár dtosaíochtaí TEDI sa mhaoiniú le haghaidh coimisiúin nua freisin.



**Felispeaks, Spotlight, Meitheamh 2021**
**Ionad Ealaíon Project**
Grianghraf le: Abasiono Adams

Go pointe áirithe, thug an phaindéim an t-am agus an spás dúinn chun an obair seo a dhéanamh. Tá an t-athrú ag tarlú de shíor san eagraíocht seachas a bheith mar rud atá 'curtha i gcrích' againn. Leis an mbeartas TEDI a shuíomh i gcroílár ár mbeartais nua cúig bliana, tá sé mar chuid de gach gné dár gcúramaí anois. Mar sin, beidh an fhoireann, an bord agus na baill i gcónaí meabhrach faoi agus ag meas cé atá ag pleanáil/ ag déanamh cinntí/ ag seachadadh nó ag tabhairt faoin obair.




**Áine O'Hara, Whip it Up! Coimisiún Clár Fógraíochta Iúil 2021, Ionad Ealaíon Project**
Grianghraf le: Ste Murray

Is cuid eile den phlean é an aidhm atá againn comhdhéanamh na heagraíochta a éagsúlú, agus déanfaidh an Grúpa Monatóireachta agus Measúnachta measúnú rialta air sin. Gheallamar le tabhairt faoi mheasúnú níos leithne (in éineacht le meastóir seachtrach) ag leathphointe agus deireadh na gcúig bliana. Arís, teastaíonn leathdháileadh ónár mbuiséad chuige sin. Beidh an caiteachas sin i gcónaí á bhaint de réimse eile dár n-obair/gclár, agus mar sin tá sé tábhachtach go leanann ár maoinitheoirí den tacaíocht a thabhairt dúinn chun an obair seo a sheachadadh.

**Cad a spreag sinn chun tabhairt faoin bpróiseas seo?**
D'aithníomar an t-idirdhealú a bhíonn á fhulaingt go minic ag ealaíontóirí, oibrithe sna healaíona agus luchtanna féachana maidir le haois, stádas sibhialta, míchumas, stádas teaghlaigh, inscne, ballraíocht den Lucht Siúil, cine, creideamh, claonadh gnéis, agus cúlra socheacnamaíoch.

Cé go bhfuil cuntas teiste maith againn ar a bheith ag obair le healaíontóirí ó gach cearn den saol, agus cé go bhfuil sé mar chuid dár réimse oibre daoine agus scéalta faoi ghannionadaíocht a chur chun tosaigh, d'aithníomar go raibh an éagsúlacht inár gclár beagáinín ad-hoc, agus nach léirítear í i struchtúir na heagraíochta.

Thóg sé roinnt ama cur chuige dea-ullmhaithe agus cuimsitheach a chur le chéile chun athrú a bhaint amach. Agus an obair ar TEDI ar bun, bhí cur amach againn ar Bheartas agus Straitéis na Comhairle Ealaíon um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht (agus obair a rinneadh sa réimse seo cheana féin). Bhí cur amach againn freisin ar reachtaíocht an reatha, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta (1998–2015) agus na hAchtanna um Stádas Comhionann (2000–2018) agus Cuid 42 den Acht um Chearta an Duine agus Chomhionannas 2014, nó an Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna, mar a thugtar uirthi freisin.

**Conas a chuaigh an togra seo i bhfeidhm ar ár n-eagraíocht, agus ar na daoine a bhíonn ag plé linn?**
Tá spéis agus fuadar coiteann faoin obair seo ag an bhfoireann agus an bord, agus táthar ar an eolas faoi na hathruithe atá le déanamh againn le cinntiú gur áit oscailte, inrochtana agus fháilteach é an tIonad Ealaíon do chách – ealaíontóirí, lucht féachana, pobail agus scoileanna áitiúla, baill foirne, bord agus baill de Project araon.

Tá an oiread sin rudaí ag tarlú faoi láthair, agus tá sé deacair an difear san eagraíocht a dhéanamh amach sa ghearthéarma – tá sé cosúil le bheith ag casadh árthach mór millteach san fharraige – tógann sé roinnt ama ach aithníonn gach duine go bhfuil an tírdhreach ag athrú. Is obair leanúnach atá i gceist anseo.

**Cad é an rud is tábhachtaí a d'fhoghlaimíomar agus sinn ag tabhairt faoin bpróiseas seo?**
Is deis agus is freagracht é a bheith ag tabhairt aghaidh ar an neamhionannas, agus cuireann sé beocht úr leis na saothair thar gach foirm ealaíne. Is deis é chun cur le nascanna, smaointe, agus b'fhéidir le hacmhainní san fhádtéarma. Bíonn infheistiú agus am (ó bhaill foirne, ealaíontóirí, agus ón bpobal) ag teastáil chun an t-athrú a dhéanamh, agus tá seans ann nach mbeidh siad ar fáil i gcónaí. Mar sin, teastaíonn méid áirithe muiníne go dtiocfaidh ealaíontóirí, lucht féachana agus maoinitheoirí ar an aistear leat a fhad is a dhéanann tú na hathruithe cuí le himeacht ama.

**Bunaíodh Sorcas Pobail na Gaillimhe in 2002, agus tá sé ar an bpríomheagraíocht i gcomhair sorcais don óige agus sorcas sóisialta in Éirinn. Táimid tiomanta d'eispéireas foghlama nuálach samhlaíoch a chruthú inar féidir le gach duine óg lán-acmhainneacht phearsanta agus chruthaitheach a bhaint amach, agus sinn ag cothú ionchuimsitheachta sóisialta trí na healaíona sorcais.**

galwaycommunitycircus.com




**Rannpháirtí Shorcas Pobail na Gaillimhe ag súgradh le maidí blátha**
Grianghraf le: Anita Murphy

**Cad a rinneamar chun luachanna CÉI a leabú/a chothú inár n-eagraíocht?**
Cuireann Sorcas Pobail na Gaillimhe ar an iomlán luachanna CÉI chun cinn. Tá na luachanna sin lonnaithe i ngach gníomhaíocht agus cleachtas a chuirimid ar fáil faoinár gclár. Creidimid go bhfuil fáilte roimh chách sa Sorcas, agus go bhfuil Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht i gcroílár chleachtas an tSorcais. Is gluaiseacht idirnáisiúnta é an 'Sorcas do Chách' seo atá mar chuid den líonra daingean Sorcais ina mbítear ag tacú lena chéile, agus ina mbítear ag obair chun athruithe a chur ar bun ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá luachanna CÉI comhtháite ag gach sraith dár n-eagraíocht, idir Shorcas na n-Óg (an prionsabal gur ceart daonna í rochtain ar chultúr agus ar ghníomhaíocht roghnaithe an duine, agus duais Rochtana a chuirtear ar fáil chun fáil réidh le bacainní rannpháirtíochta), an Sorcas Sóisialta (clár spriocdhírithe for-rochtana do dhaoine óga agus fásta atá imeallaithe agus leochaileach) agus ár struchtúr Inmheánach eagraíochta (6 náisiúnachas i bhfoireann de 7, ceathrar oibrí deonach bliantúla ón Eoraip, Bord Stiúrthóirí a léiríonn ár bpobal measctha) agus Forbairt Fhoirm Ealaíne.

Laistigh d'Fhorbairt Foirme Ealaíne tá go leor tionscnaimh bhliantúla a thacaíonn lenár luachanna CÉI. Sampla amháin díobh seo is ea Claochlú an tSorcais (CTF) agus an Clár Traenála do Thraenálaithe sa Sorcas Sóisialta. Tá an clár seo á sheachadadh ar leibhéal an AE le 7 mbliana anuas, le tacaíocht ó Erasmus+. In 2022 tá an clár seo á sheachadadh anois ar leibhéal náisiúnta den chéad uair le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon.

Forbraíodh an cúrsa traenála i gcomhair Chlaochlú an tSorcais trí sé bliana de thaighde idir 2009 agus 2014, arna stiúradh ag Ollscoil Louvain (UCL), Université Libre de Bruxelles, ocht scoileanna Eorpacha Sorcais agus an Líonra Caravan. Tá luachanna agus dea-chleachtais CÉI i gcroílár na traenála sin, agus áirithítear léi téamaí amhail coincheapa rannpháirtíochta sóisialta, gnéithe sochgheografacha a bhaineann leis an réimse agus obair laistigh de thimpeallachtaí idirchultúrtha. Go dtí seo, thug 150 rannpháirtí ó gach cearn den domhan faoi thraenáil CTF in éineacht le 13 ealaíontóir ó Shorcas Pobail na Gaillimhe. Tá fiche a haon ealaíontóir Éireannach ag glacadh páirt sa leagan nua Éireannach de CTF i láthair na huaire.

**Cén hiad na céimeanna a bhí riachtanach don athrú sin?**
Tá CÉI leabaithe sa stair a bhaineann le cleachtas an tSiorcais, agus bhí sé mar chuid de Shorcas Pobail na Gaillimhe ón tús. Táimid i gcónaí ag iarraidh staid níos fearr a bhaint amach sa réimse sin, agus is é sin an t-athrú leanúnach a bhíonn ag tarlú inár n-eagraíocht. Tá oideachas, taithí, agus tuiscint ríthábhachtach i bhforbairt mar sin. Aithnímid go bhfuil an t-ádh linn a bheith mar chuid de phobal ina raibh CÉI mar chuid den chomhrá riamh anall.

Tá ár bhfoireann agus ár gcláir faoi réir ag na prionsabail CÉI, agus le déanaí táimid ag déanamh athbhreithniú ar struchtúr ár n-eagraíochta ag leibhéal an Bhoird. Táimid ag cruthú Beartais CÉI chomh maith, rud a shíolraíonn ón mbeartas 'Glac Páirt' a bhí againn cheana féin, agus táimid ag cur CÉI san áireamh mar spás forbartha ar leith inár bplean straitéiseach nua i gcomhair 2022–2027.

Chun na hathruithe agus na forbairtí seo a dhéanamh, bhí gá don eagraíocht féin-scrúdú agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár mbeartais, gcleachtais agus gcultúr san eagraíocht. Thapaíomar an deis in 2020 chun an struchtúr, an fhoireann agus an clár san eagraíocht a scrúdú ón mbonn aníos, le feiceáil cá háit a d'fhéadfaimis dul chun cinn a dhéanamh, agus conas a dhéanfaimis amhlaidh. D'aimsíomar áiteanna ar bith ina raibh athrú nó athbhreithniú de dhíth, agus thosaíomar ag caint leis na daoine cuí ar na hábhair sin. A bhuí leis an Scéim Tacaíochta Forbartha Acmhainne ón gComhairle Ealaíon, bhíomar ábalta saineolaithe seachtracha a fáil ón taobh amuigh chun tacú linn na réimsí ina raibh feabhsú agus athbhreithniú ag teastáil a aithint.

**Cad a spreag sinn chun tabhairt faoin bpróiseas seo?**
Leanann an próiseas reatha atá idir lámha againn ar aghaidh ónár mbeartas 'Glac Páirt' a forbraíodh le tacaíocht ó Théatar Óige na hÉireann in 2015. Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar an mbeartas sin in 2019. Tháinig fadhb na hacmhainne chun solais, agus i gcás rud chomh tábhachtach le CÉI i Sorcas Pobail na Gaillimhe, ba ghá dúinn an oiread ama agus arb fhéidir linn a thógáil, chun oideachas a chur orainn féin le bheith mar eagraíocht atá níos comhionainne, níos éagsúla agus níos ionchuimsithí. Agus sinn ag leanúint de thograí cosúil le CTF, Sorcas na n-Óg agus an Sorcas Sóisialta, tá sé deimhnithe go bhfuilimid ag iarraidh CÉI níos fearr a bhaint amach gach bliain ar leibhéal an chláir agus chabhraigh an traenáil foirne i réimse CÉI chun é seo a chur chun cinn ar leibhéal an eagrúcháin.

I measc na gcúiseanna a bhí againn le príomhthosaíocht ár n-eagraíochta a thabhairt do CÉI in 2022 bhí athruithe sa tsochaí, an bhliain dheacair a bhí againn uile in 2020, agus ár n-oideachas agus ár n-eolas féin ar na bacainní a bhíonn le sárú ag neart daoine inár bpobal féin. Dar le figiúirí an daonáirimh in 2017, is í Gaillimh an chathair is ilchultúrtha sa tír. Léiríodh sa daonra is déanaí gurb as tír eile do náisiúnach amháin as gach cúigear, agus go bhfuil 13% de dhaonra na Gaillimhe faoi ar a laghad míchumas amháin. Is í seo fírinne álainn, ilchultúrtha a bhaineann lenár bpobail. Ní mór dár gcláir agus dár n-eagraíocht léiriú a dhéanamh ar ár bpobal. Murach é sin, bheadh easnamh tromchúiseach sna seirbhísí a chuirimid ar fáil.

**Conas a chuaigh an togra seo i bhfeidhm ar ár n-eagraíocht, agus ar na daoine a bhíonn ag plé linn?**
Sa ghearrthéarma, feicimid cur síos níos sásúla ar ár bpobal, i measc ár mball agus ag leibhéal an bhoird. Feicimid foireann níos éagsúla, feabhsú ar na bealaí rochtana a bhí ann cheana ar ár gcláir/ seirbhísí agus níos mó daoine ó gach saghas cúlra ag glacadh páirt sa Sorcas.

San fhadtéarma feicimid pobal níos láidre, níos eolaí agus níos daingne. Rochtain ag cách ar ár seirbhísí. Léiriú níos éagsúla ag leibhéil shinsearacha laistigh den eagraíocht, agus Sorcas Pobail na Gaillimhe ina cheannródaí mar eagraíocht Shorcais maidir le dea-chleachtais CÉI ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**Cad é an rud is tábhachtaí a d'fhoghlaimíomar agus sinn ag tabhairt faoin bpróiseas seo?**
Go bhfuil sé ríthábhachtach gur cearta daonna iad rochtain, comhionannas agus ionchuimsitheacht; gur sa bhaile a thosaíonn an obair chun athruithe dearfacha a dhéanamh sa tsochaí; go bhfuil difear á dhéanamh againn; gur féidir leis na healaíona an domhan a athrú ar shlí dhearfach; go bhfuil sé mar dhualgas orainn agus mar onóir dúinn a bheith mar cheannródaí sa tréimhse seo.

Bíonn Sorcas Pobail na Gaillimhe de shíor ag iarraidh tuiscint a chur chun cinn maidir le difríochtaí idir daoine óga ó chultúir éagsúla agus ó chúlraí socheacnamaíocha éagsúla. Caithimid solas ar shaoránacht ghníomhach le béim ar chultúr agus sláinte choirp agus mheabhrach.

**Is í a leanas ár dTeoiric Ghníomhaíochta:**

1. Déan cinnte go bhfuil timpeallacht shábháilte, chomhbhách (spás idirghníomhach cúraim) againn

2. Cuir cláir d'ardchaighdeán atá dírithe ar an óige ar fáil, agus é bunaithe ar rannpháirtíocht ghníomhach agus dheonach

3. Cuir sláinte bhuan fhisiciúil agus mhothúchánach chun cinn trí léiriú cruthaitheach agus fisiciúil de na healaíona Sorcais

4. Déan teagmháil ghníomhach leis na daoine óga is leochailí, agus laghdaigh agus/nó faigh réidh de bhacainní ar a rannpháirtíocht

Creidimid i 'sorcas do chách' - do gach aois, leibhéal cumais agus míchumais, agus cúlra. Inár sorcas, tugaimid an chumhacht do dhaoine óga le bheith ina saoránaigh ghníomhacha, agus muinín acu iontu féin, le bá do dhaoine eile, agus leis na scileanna chun dul sa seans go sábháilte, triail a bhaint as rudaí nua, agus leanúint ar aghaidh nuair a bhuaileann siad le dúshláin phearsanta. Cabhraímid le cothromaíocht, comhordú lámh agus súl, corpfheasacht, cumarsáid, cruthaitheacht, scileanna réiteach fadhbanna agus fócas a fhorbairt. Tá an sorcas neamhiomaíoch agus corpdhearfach – cuirtear fáilte roimh gach saghas coirp agus gach leibhéal aclaíochta.

Bainfidh an tsochaí ar fad leas as an méadú in ionchuimsitheacht, saoránacht ghníomhach agus cóir shóisialta. Is é an toradh a bheidh air sin pobail atá níos ionchuimsithí, níos acmhainní agus níos inbhuanaithe.

**Uillinn: Cruthaíonn Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí deiseanna do mhuintir Iarthar Chorcaí le rochtain agus rannpháirtíocht a bheith acu ar dhea-chleachtais ealaíne áitiúla agus dhomhanda, ag an Ionad Ealaíon féin agus i bhfoirm for-rochtana tríd an gcontae go léir. Tacaíonn sé le clár ildisciplíneach ealaíne le béim ar ealaíon agus damhsa físiúil comhaimseartha. Soláthraíonn na trí stiúideo lánrochtana d'ealaíontóirí spás d'ealaíontóirí as Éirinn agus ó thar lear chun dul i mbun oibre, teagmháil a dhéanamh lena chéile, agus bualadh leis an bpobal.**

westcorkartscentre.com



**Oran Leong, Niall O'Carroll agus Tanya Turner i gCleachtadh de Tilt le Croí Glan Integrated Dance Company ag Uillinn 2020**
Grianghraf le: Emma Jervis

**Cad a rinneamar chun luachanna CÉI a leabú/a chothú inár n-eagraíocht?**
In 2022 tá bród orainn a fhógairt gurb é Croí Glan Integrated Dance an Chomhlacht Damhsa Cónaitheach in Uillinn. Léirítear leis an gcéim sin tiomantas ónár ndá eagraíocht chun oibriú le chéile ar ár spriocanna comhroinnte, trí chlár de thaispeántais, teagmháil leis an bpobal, am sa stiúideo agus deis nua d'ealaíontóir atá faoi mhíchumas bheith ina Ealaíontóir Cónaithe Damhsa. Óstálfaimid dhá thaispeántas; sraith de cheardlanna Damhsa Comhaimseartha dhíreoidh ar dhaoine óga; clár Damhsa Aerga; agus Traenáil Fhorbartha Gairmiúil d'Ealaíontóirí i réimse an damhsa ionchuimsithigh.

Cuireann Croí Glan Integrated Dance béim ar an luach atá le coirp éagsúla i gcruthú taibhithe, ag obair le damhsóirí faoi mhíchumas, agus le damhsóirí nach bhfuil faoi mhíchumas, chun léiriúcháin nuálacha, tarraingteacha agus d'ardchaighdeán a dhéanamh, agus chun na gníomhaíochtaí rannpháirteacha a bhaineann leis sin a chur ar fáil. Tá sé mar sprioc chomhroinnte againn cur leis na deiseanna atá ann d'ealaíontóirí damhsa agus don phobal teacht isteach le bheith rannpháirteach inár gcláir in Uillinn. Cuirfidh Croí Glan cláir ar fáil a chruthóidh timpeallacht uathúil neamhbhriathartha, mar a mbraithfidh daoine faoi mhíchumais, agus nach bhfuil faoi mhíchumas, an comhionannas eatarthu, agus mar a mbraithfidh siad an daonnacht chomhroinnte eatarthu trí eispéireas cumhachtach agus instinniúil.

**Cén hiad na céimeanna a bhí riachtanach don athrú sin?**
Bhí gá le fonn láidir ón dá pháirtí chun tacú le saothar a chéile, chomh maith le tiomantas mór ama agus maoinithe.

Tá sé mar thoradh ar chomhráití leanúnacha agus malartú lena chéile, agus toilteanas foghlaim óna chéile.

Chuir ár gcuid oibre le Croí Glan agus Tara Brandel leis an bhforbairt ar ár bPlean Straitéiseach 2021–2025, agus bhí sí mar bhonn eolais faoi bhunghníomhartha, lena n-áirítear:

– Timpeallacht chruthaitheach a chruthú agus cur lenár n-acmhainní chun tacú le healaíontóirí éagsúla, ag cur áiteanna ar fáil d'ealaíontóirí le bheith ag déanamh taighde, ag cruthú, ag léiriú, ag taibhiú, ag dul ar chamchuairt, agus ag dul i mbun dialóige criticiúla

- Scrúdú a dhéanamh ar na slite a samhlaímid, a dtuigimid agus a measaimid ár luchtanna féachana agus rannpháirtithe

- Spás a sholáthar i gcomhair rannpháirtíocht dinimiciúil leanúnach sna healaíona ag pobail éagsúla (ó áiteanna, spéise, cultúir, eitneachta, féiniúlacht inscne éagsúil) agus ag daoine faoi mhíchumas

- Cláir a fhorbairt a chuireann Uillinn os comhair pobal éagsúil chun teagmháil a éascú, bíodh an teagmháil sin le saothair ealaíne nó ealaíontóirí in Uillinn, nó ar líne

- Gníomhartha dearfacha a dhéanamh a léiríonn an éagsúlacht inár bpobal trínár gcláir thaispeántas, chónaitheachta agus fhoghlama cruthaithí

- Tacú le healaíontóirí agus iad ag comhchruthú saothar le rannpháirtithe, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas



**Bridge le Croí Glan 2014**
Grianghraf le: Justine Foster

**Cad a spreag sinn chun tabhairt faoin bpróiseas seo?**
Creideamh domhain san obair a dhéanann Croí Glan; an chosúlacht atá idir a spriocanna agus ár spriocanna féin; an t-ardchaighdeán, díógras, fiosracht chruthaitheach agus uaillmhian atá acu; a dtuiscint domhain ar ár bpobal agus ár suíomh, agus an deis chun leanúint den obair le Croí Glan agus a Stiúrthóir, Tara Brandel, a bhfuil a cuid oibre i gcónaí bunaithe ar éagsúlacht.

Tógadh an méid seo le roinnt bhlianta anuas.

Bhuaileamar leis an ealaíontóir damhsa agus cóiréagrafaí Tara Brandel den chéad uair in 1999, nuair a fuaireamar beirt tacaíocht ón gComhairle Ealaíon chun Mná Rua a fhorbairt. Tionscnamh bunaithe ar an bpobal ab ea é seo, le rannpháirtíocht phoiblí agus taibhithe i suíomhanna ar leith i mbailte fud fad Iarthar Chorcaí.

Tar éis an tionscadal bliana seo, bhí deacrachtaí ag Tara a bheith ag obair mar ealaíontóir damhsa in Iarthar Chorcaí, agus d'fhág sí an áit. D'fhill sí in 2009 agus a comhlacht féin bunaithe aici, Croí Glan Integrated Dance. Tá cáil idirnáisiúnta anois ar ardchaighdeán a cuid oibre, agus saineolas ar leith aici sa dhamhsa imeasctha, agus cleachtas lonnaithe sa chomhlacht a cheiliúrann éagsúlacht daonna.

D'óstálamar saothair Croí Glan thar roinnt blianta. Ba thionscadal cinniúnach é Bridge (2014), a fuair tacaíocht ó Scéim an Ealaíontóra sa Phobal de chuid Create. Ghin an tionscadal uaillmhianach taibhithe seo taibhiú éachtach ó aerdhamsóirí Croí Glan agus iad ar crochadh ar théada síoda. Ghlac 25 taibheoir de gach saghas cumais páirt in ócáid ar shuíomh ar leith, ag Droichead an Dá Áirse Déag i mBéal Átha an Dá Chab, Contae Chorcaí. Ní hamháin gur radharc iontach ab ea é seo, ach ba thaispeántas álainn é, le himeascadh agus le hionchuimsitheacht faoi lán seoil.

Bhí an taibhiú seo ina thoradh ar obair dá bhliain, tosaithe agus éascaithe ag Croí Glan, agus le tacaíocht ó chomhpháirtíocht idir Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí, Co-Action Iarthar Chorcaí, agus an Fhondúireacht COPE. Ba thoradh ar an obair seo é West Cork Inclusive Dance, clár ceannródaíoch damhsa a tharla in Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí ó 2014 go 2018, tráth a bhog an clár go dtí Co-Action i mBeanntraí.

In 2015, bhí Tara Brandel mar an chéad Ealaíontóir Cónaithe Damhsa in Uillinn, le tacaíocht ón Scéim Cónaitheachta d'Ealaíontóir Damhsa de chuid na Comhairle Ealaíon, agus ó Chomhairle Contae Chorcaí. Mar chuid dá clár oibre dá bhliain, tháthaigh sí a cleachtas lenár modh oibre agus machnaimh, le taibhithe, tacaíocht do West Cork Inclusive Dance, le cláir thraenála agus sraith d'ócáidí feiceálacha Lime Green inár gclár taispeántas, lenár bhfoirgneamh nua agus leis an bpobal.

**Conas a chuaigh an togra seo i bhfeidhm ar ár n-eagraíocht, agus orthu siúd a bhíonn ag plé linn?**
Táimid ag ceiliúradh rochtana, agus ag cur chun cinn an chirt atá ag gach duine, is cuma cén aois iad, sult a bhaint as agus páirt a ghlacadh sna healaíona agus i gcultúr, bunaithe ar phrionsabal na dínite, an neamhspleáchais, na hionchuimsitheachta, agus comhdheiseanna. Táimid ag cur na ceiste orainn féin: cé eile atá in easnamh sa seomra, agus cad atá beartaithe againn lena chinntiú go mbeidh siad ann? Teastaíonn uainn comhdheiseanna a chruthú i gcleachtas agus i ngníomhartha, rud atá tábhachtach.

Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go léiríonn ár gcuid ealaíontóirí, ár gclár ealaíonta agus ár lucht féachana an tsochaí chomhaimseartha ina bhfuil siad suite san am i láthair. Táimid dár gceistiú féin faoina mbeidh ag teastáil ónar bpobail agus iad ag teacht amach ón dianghlasáil agus ag imeascadh sa tsochaí arís, i gcomhthéacs iar-Covid19. Mhéadaigh an phaindéim an meas atá ag daoine ar dhlúthnasc sóisialta agus ar an bpobal áitiúil; ar shláinte a chéile a chothú ó thaobh coirp agus meabhrach de.

**Cad é an rud is tábhachtaí atá foghlamtha againn agus sinn ag tabhairt faoin bpróiseas seo?**
Bímid ag foghlaim i gcónaí – fís shoiléir, dianseasmhacht, aigne leathan, oscailte agus solúbthacht. Ní mór an t-am a chur isteach ann.

7

# Gluais Téarmaí

→ Téigh chuig clár an ábhair

**Nóta**

Tá an téarmaíocht sa ghluais seo bailí ó Eanáir 2022. Le haghaidh na téarmaíochta is cruinne agus is bailí, tabhair cuairt ar shuíomhanna idirlín na n-eagraíochtaí a liostáiltear thíos.

### Cumasachas

Cineál idirdhealaithe, réamhchlaonta agus/nó drochíde ar dhaoine faoi mhíchumais bunaithe ar an tuairim go bhfuil daoine nach bhfuil faoi mhíchumais (nó atá ar lánchumas) níos fearr.

### Aoiseachas

Cineál idirdhealaithe, réamhchlaonta agus/nó drochíde ar dhaoine bunaithe ar an aois atá acu, nó ar an aois a mheastar a bheith acu.

### Frithchiníochas

A bheith gníomhach i gcur i gcoinne an chiníochais trí bheith ar son athruithe polaitíochta, eacnamaíochta agus sóisialta. De ghnáth is duine aonair a thugann faoi fhrithchiníochas, agus é á dhéanamh i gcoinne iompair agus gníomhartha ciníocha.

**Foinse:** Race Forward

### Claonadh

Tarlaíonn claonadh nuair a iompraíonn duine iad féin bunaithe ar thuairimí, bhreithiúnas nó réamhchlaonadh pearsanta, ag déanamh leithcheala i bhfabhar nó i gcoinne duine nó grúpa. Is éard atá i gceist le claonadh intuigthe/ claonadh neamh-comhfhiosach ná tuairimí a chuireann isteach ar ár gcinntí agus ár ngníomhartha gan fhios dúinn féin. Ceapann daoine go minic go mbítear claonta d'aon ghnó, i.e. gur mhian le duine labhairt go ciníoch. Tá sé léirithe ag eolaíocht inchinne, áfach, gur minic nach n-aithníonn daoine go bhfuil siad claonta. Déanann coincheap an chlaonta intuigthe cur síos ar a lán gníomhartha ciníocha comhaimseartha nach ndéantar go soiléir nó d'aon ghnó. Bíonn claonadh intuigthe chomh dochrach céanna, mar sin tá sé tábhachtach labhairt amach faoi chine, agus céimeanna a thógáil chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar. Tá institiúidí déanta de dhaoine aonair; scaiptear claonadh na ndaoine sin, agus cruthaítear neamhionannais chórasacha. Is féidir bac a chur le claonadh intuigthe trí chéimeanna breise a chur leis an bpróiseas cinnteoireachta, céimeanna a scrúdaítear go mion agus a théann i ngleic le torthaí ciníocha.

**Foinse:** Race Forward

### Déghnéasach
Mná nó fir a bhfuil dúil acu sa dá ghnéas, baineann agus fireann.

**Foinse:** EIGE

### Aicmeachas
Is éard atá san aicmeachas ná leatrom córasach ar aicme-ghrúpaí a ndéantar a bheag díobh. Bíonn sé seo fréamhaithe sa tuairim gur féidir daoine a mheas bunaithe ar stádas eacnamaíoch, ginealach, stádas oibre, leibhéal oideachais agus catagóirí eile. Is minic go mbíonn cine an duine fite fuaite lena aicme sóisialta nó eacnamaíoch. Cé go bhfuil dlúthnasc idir na gnéithe sainiúla de chine agus d'aicme, ní mór aire a dhíriú ar na gnéithe sin faoi seach.

**Foinse:** Race Forward

### Bodhar agus bodhar
Baineann pobal Bodhar úsáid as an téarma Bodhar le tagairt a dhéanamh do bhaill de ghrúpa sóisialta, cultúrtha agus teanga faoi leith. Baintear úsáid as an 'd' beag nuair atáthar ag caint san fhoirm chlos-loighciúil nó maidir le duine nach bhfuil páirteach sa chultúr nó sa phobal Bodhar.

**Foinse:** SLIS, Sign Language Interpreting Services

### Míchumas
Áirítear i measc daoine faoi mhíchumas na daoine sin ar a bhfuil mallachair fhadtéarmacha de chineál fisiciúil, meabhrach, intleachtúil nó céadfach ar mallachair iad, nuair a nasctar iad le nithe eile, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cosc ar pháirteachas iomlán éifeachtach sa tsochaí ar an mbonn céanna le daoine eile. (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.) Glacann an Chomhairle Ealaíon le múnla sóisialta an mhíchumais, a fhéachann ar eagrú na sochaí, murab ionann is mallachar an duine féin, mar chúis mhíchumais; mar shampla bacainní fisiciúla agus tuairimíochta.

**Foinse:** IHREC/ESRI

**Idirdhealú**
Is éard is idirdhealú ann ná go ndéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear, mar a déileáladh nó mar a dhéileálfaí le duine eile i gcás cosúil leis ar aon cheann de na forais a leanas: inscne; stádas pósta; stádas teaghlaigh; aois; cine; creideamh; míchumas; claonadh gnéis; ballraíocht den Lucht Siúil; nó iad a bheith ag fáil íocaíocht cúnaimh tithíochta nó leasa shóisialaigh. Ciallaíonn idirdhealú díreach go bhfuiltear ag déileáil le duine le níos lú fabhair ná duine eile sa chás céanna, nó i gcás cosúil leis, ar fhoras amháin, nó níos mó, de na tréithe cosanta. Ciallaíonn idirdhealú indíreach go bhfuiltear ag dul i muinín cleachtas nó beartas nach bhfuil an chuma orthu a bheith ag idirdhealú grúpa amháin ó ghrúpa eile, ach go bhfuil toradh idirdhealaitheach leo i bhfírinne.

D'fhéadfadh, leis, go dtarlaíonn idirdhealú indíreach nuair nach mbíonn cuma idirdhealaitheach ar riachtanas, ach go ndéanann sé dochar do ghrúpa nó d'aicme daoine faoi leith

**Foinse:** Equal Status Acts 2000–2015

**Éagsúlacht**
TDifríochtaí a bheith i láthair i dtimpeallacht áirithe. (le haghaidh téarmaíochta maidir le hÉagsúlacht Chultúrtha, téigh chuig Éagsúlacht Chultúrtha agus na hEalaíona).

**Foinse:** artscouncil.ie/uploadedFiles/Main_Site/Content/Artforms_and_Practices/Arts_Participation_pages/Cultural_Diversity_language_meanings.pdf

**Eitneacht**
Féiniúlacht a lua le grúpa, de ghnáth i gcomhthéacs sochaí mhór cheannasach, a bhfuil a shainmhíniú le fáil i dtréithe faoi leith, cosúil le hoidhreacht, creideamh agus nósanna.

**Comhionannas agus Cothromas**
Is éard is comhionannas ann ná gealltanas nach ndéanfar idirdhealú bunaithe ar inscne, chreideamh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, chlaonadh gnéis, aois, mhíchumas, chine nó eitneacht. Ciallaíonn cothromas go n-aithnítear an taithí atá ag daoine nó grúpaí, a fhulaingíonn leithcheal, easpa seirbhíse agus easpa ionadaíochta ar bhonn stairiúil, ar bhacainní ar rannpháirtíocht iomlán. Dá réir sin, teastaíonn bearta breise chun tacú leis na daoine nó na grúpaí seo comhionannas a bhaint amach maidir le soláthar deiseanna éifeachtacha do gach grúpa. Ciallaíonn comhionannas go ndéileáiltear le gach duine go cothrom, ciallaíonn cothromas go gcabhraítear leo siúd nach mbeadh in ann leas a bhaint as an socrú seo.

### Inscne
Tréithe agus deiseanna sóisialta a shamhlaítear a bheith baineann agus fireann, agus na caidrimh idir mná agus fir agus cailíní agus buachaillí, agus na caidrimh idir mná agus idir fir.

**Foinse:** EIGE

### Féiniúlacht Inscne
An taithí inmheánach aonair atá ag gach duine ar inscne agus a mhothaítear go domhain, a fhreagraíonn nó nach bhfreagraíonn don ghnéas a tugadh ag an mbreith, lena n-áirítear mothú pearsanta an choirp (a chuimsíonn, más é toil shaor an duine é), athrú ar chuma nó ar fheidhm an choirp trí mheán leighis, obráide, nó bealach eile) agus slite eile le hinscne a chur in iúl, lena n-áirítear éadaí, urlabhra agus gothaíocht.

**Foinse:** EIGE

### Fuathchaint agus Fuathchaint Chiníoch
Clúdaíonn fuathchaint gach saghas cur in iúl a scaipeann, a spreagann, nó a dhéanann iarracht aon saghas fuatha, steiréitíopála nó idirdhealaithe atá bunaithe ar éadulaingt a dhlisteanú. Áiríonn fuathchaint éadulaingt ar dhaoine bunaithe ar a gcúlraí 'cine', náisiúnta, eitneacha nó cultúrtha, nó a bhféiniúlacht reiligiúnacha, bídís sin fíor nó bréagach.

**Foinse:** INAR

### Ionchuimsitheacht
Daoine ó ghrúpaí a fhágtar amach go traidisiúnta a thabhairt isteach go dtí próisis, gníomhaíochtaí, cinnteoireachta/déanamh beartas ar shlí a gcomhroinneann an chumhacht.

### Inniúlacht Idirchultúrtha
Cumarsáid agus iompar atá éifeachtach agus cuí nuair atáthar i mbun teagmhála le duine ó chúlra eile.

**Foinse:** Deardoff, 2009

### Trasnachas
An tslí chasta, charnach ina mbíonn na foirmeacha iomadúla idirdhealaithe (cosúil le ciníochas, gnéasachas agus aicmeachas) ag meascadh, ag roinnt gnéithe, nó ag trasnú ar a chéile, go háirithe i dtaithí daoine nó grúpaí imeallaithe.

**Teanga Chomharthaíochta na hÉireann**
Is í Teanga Chomharthaíochta na hÉireann an chéad teanga, agus/nó an teanga roghnaithe de 5000 duine Bodhar in Éirinn agus tá thart ar 40,000 duine in ann teagmháil a dhéanamh sa teanga (baill teaghlaigh, cairde, comhghleacaithe srl). Is í Teanga Chomharthaíochta na hÉireann teanga dhúchais an phobail Bhodhair. Tá Teanga Chomharthaíochta na hÉireann éagsúil ó theangacha comharthaíochta eile, cosúil le Teanga Chomharthaíochta na Breataine, Teanga Chomharthaíochta Mheiriceá srl. Feiceann an pobal Bodhar é féin mar ghrúpa mionlach teanga agus cultúrtha murab ionann is a bheith faoi mhíchumas

**Foinse:** Cumann Bodhar na hÉireann

**LADTA**
Scáth-théarma chun tagairt a dhéanamh do dhaoine ón bpobal Leispiach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Aiteach

**Foinse:** EIGE

**Miocrachasáin**
Is tráchtanna nó gníomhartha iad seo a dhéantar go caolchúiseach, nó gan fhios don duine, nó de thaisme, a chuireann tuairim chlaonta in iúl i leith baill de ghrúpa imeallaithe. Cé go mbíonn cuma neafaiseach ar na heachtraí seo iontu féin, is féidir leo an-díobháil a dhéanamh don duine a bhfuil siad dírithe air, más cuid de phátrún iad nó más cuid d'fhoirm eile ciníochais iad. D'fhéadfadh go mbraithfeadh an duine míchompordach nó go bhfuil doicheall rompu, agus féadann miocrachasáin dul i bhfeidhm go diúltach ar mheabhairshláinte an duine. Samplaí de mhiocrachasáin ná a bheith i gcónaí á fhiafraí 'cárb as duit?' nó 'an féidir liom do ghruaig a bhraistint?'.

**Foinse:** INAR

**Pribhléid**
Réimse buntáistí a thugtar go córasach do dhuine do ghrúpa faoine faoi leith. Tá pribhléid ag daoine geala de bharr a gcine, fiú sa chás go bhfuil siad faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch. Tá pribhléid agus leatrom fite fuaite lena chéile: tá siad ar dhá thaobh den cheangal céanna cumhachta, agus ní mór tuiscint a fháil, agus plé a dhéanamh, ar an dá thaobh sin. Is féidir le daoine a bheith faoi mhíbhuntáiste de bharr féiniúlachta amháin, ach pribhléid a bheith acu de bharr féiniúlachta eile.

**Foinse:** Race Forward

**Aiteach**
Gach duine atá lasmuigh den réimse 'gnás' ó thaobh inscne agus claonadh gnéis de.

**Foinse:** EIGE

**Cine**
Coincheap sóisialta a thagraíonn do rud nach bhfuil aon bhonn leis sa dúlra, ach atá ina idirdhealú saorga cruthaithe ag an gcine daonna. Tá athrú tagtha ar chatagóirí, nó ainmniú, cine, agus bíonn an t-athrú sin ar siúl go leanúnach.

**Ciníochas**
Aon ghníomh, chleachtas, bheartas, dlí, óráid nó eachtra a bhfuil sé mar thoradh air (bíodh sé d'aon ghnó nó de thaisme) go mbaintear de chearta daonna an duine, bunaithe ar a chúlra eitneach nó náisiúnta (bíodh sé seo fíor nó bréagach), san áit go bhfuil an cúlra sin i ngrúpa atá imeallaithe nó laghdaithe go stairiúil.

Déanann ciníochas institiúideach tagairt d'fhoirmeacha ciníochais a chuirtear in iúl i gcleachtais institiúidí sóisialta agus polaitiúla; nó an tslí a ndéanann institiúidí idirdhealú ar ghrúpaí ar leith, bíodh sé seo d'aon ghnó nó de thaisme, agus teip na n-institiúidí sin beartais a réiteach chun idirdhealú nó iompar idirdhealaitheach a chosc.

**Foinse:** INAR

**Gnéas**
Na tréithe bitheolaíocha a dhéanann cur síos ar dhaoine mar bhaineann nó fhireann. Níl na catagóirí seo de thréithe bitheolaíocha comheisiach, mar tá ann do dhaoine le tréithe ón dá chatagóir, ach de ghnáth dealaíonn na tréithe céanna daoine fireanna agus baininne óna chéile.

**Foinse:** EIGE

**Claonadh Gnéis**
Ábaltacht gach duine a bheith meallta chuig duine d'inscne eile, den inscne chéanna nó níos mó ná inscne amháin, ar bhonn domhain mothúchánach, grámhar agus collaí.

**Foinse:** EIGE

**Féiniúlacht Ghnéis**
Conas a chuimhníonn an duine air féin maidir le bheith meallta chuig an inscne chéanna nó an inscne eile, bunaithe ar thaithí, smaointe agus fhreagraí an duine féin, murab ionann is sainmhíniú a thabhairt air féin bunaithe ar inscne nó ghnéas a pháirtí/pháirtithe.

**Foinse:** EIGE

**Gnéasachas**
Gníomhartha nó tuairimí a dhéanann idirdhealú ar dhaoine, bunaithe go hiomlán ar a n-inscne.

**Foinse:** EIGE

**Steiréitíopáil**
Tarlaíonn steiréitíopáil nó lipéadú ar ghrúpa nó phobal iomlán nuair a dhéantar fíricí de dhearbhuithe le himeacht ama, nuair a chuirtear an locht ar ghrúpa mionlaigh as fadhbanna níos leithne sóisialta, nó nuair a ghlactar le gníomhartha frithshóisialta a dhéanann roinnt ball den phobal mar léiriú ar thréithe an phobail sin ar fad. Féadann miotais agus mífhaisnéis timpeallacht a chothú nó a spreagadh ina bhfuil baol níos mó ann d'ionsaithe, d'iompar bagrach agus d'idirdhealú.

**Foinse:** INAR

**Cur i gcéill**
Beartas nó cleachtas atá siombalach go príomha, agus a dhéanann iarracht dualgais an duine maidir le spriocanna socraithe, mar shampla cuótaí deonacha nó sainordaithe inscne, a chomhlíonadh le dua nó gníomh teoranta, go háirithe i leith grúpaí mionlaigh agus i leith ban, ar bhealaí nach ndéanfaidh aon athrú ar chumhacht nó eagraíocht phatrarcach

**Foinse:** EIGE

**Trasinscneach**
Duine go bhfuil féiniúlacht difriúil inscne acu ón inscne a tugadh dóibh ag an mbreith, agus ar toil leo féiniúlacht inscne a chur in iúl ar shlí atá éagsúil ón inscne a tugadh ag an mbreith.

**Foinse:** EIGE

**Pribhléid Gheal**
Na buntáistí dúchasacha atá ag daoine geala, bunaithe ar a gcine, i sochaí inarb ann do neamhionannas agus éagóir chiníoch.

8

# Acmhainní agus Foilseacháin Úsáideacha

→ Téigh chuig clár an ábhair

**An Chomhairle Ealaíon**

Óstálann Suíomh na Comhairle Ealaíon beartas CCDÉ na Comhairle, maille le tuairiscí na Comhairle agus nascanna chuig beartais, tograí taighde agus tuairiscí ábhartha a bhaineann leis na healaíona.

artscouncil.ie

## Gluaiseanna agus foinsí eile téarmaíochta

**An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne**
Is sainuirlis téarmaíochta í an Ghluais & Teasáras um Chomhionannas Inscne de chuid EIGE, a dhíríonn ar réimse an chomhionannais inscne. Tá sé mar aidhm ag an nGluais/Teasáras tuiscint a chothú ar théarmaí comhionannais inscne ar fud an AE, agus teanga atá ionchuimsitheach agus cothrom ó thaobh inscne de a chur chun cinn, ar mhaithe le comhionannas a fheabhsú idir mná agus fir.

eige.europa.eu/thesaurus/overview

## Staitisticí

**An Phríomh-oifig Staidrimh**
Foinse sonraí ar shláinte agus mhíchumas, ar imirce agus éagsúlacht, ar chreideamh, eitneachas agus buneolas déimeagrafach eile ar féidir leat a úsáid mar phointe tosaigh le tuiscint a fháil ar an éagsúlacht atá i dtimpeallacht d'eagraíochta.

cso.ie/en/statistics/population

## Acmhainní Cearta an Duine agus Comhionannais

**Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC)**
Is é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas institiúid náisiúnta na hÉireann do chearta an duine agus don chomhionannas. Soláthraíonn an suíomh idirlín treoirleabhair agus uirlisí úsáideacha chun cearta an duine agus comhionannas a lonnú go daingean sa ghnó agus in eagraíochtaí.

ihrec.ie/guides-and-tools

**Cumann Bodhar na hÉireann**
Tá sé mar aidhm ag Cumann Bodhar na hÉireann Comhionannas agus Cearta an phobail Bhodhair in Éirinn a chur chun tosaigh agus a bhaint amach.

irishdeafsociety.ie

**Líonra Frithchiníochais na hÉireann (INAR)**
Tá eolas úsáideach le fáil ar shuíomh idirlín Líonra Frithchiníochais na hÉireann dóibh siúd atá ag iarraidh níos mó a fhoghlaim faoi chiníochas in Éirinn.

inar.ie/reporting-racism-in-ireland

**Race Forward**
Tá treoirleabhar tuarascála cine, le téarmaíocht úsáideach, foilsithe ag Race Forward, an tIonad um Nuálaíocht Córa Cine.

raceforward.org/reporting-guide

## Beartais agus Ranna Rialtais ábhartha

**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
Coimeádann an Roinn Coimirce Sóisialaí roinnt tuairiscí ar ionchuimsitheacht shóisialta na hÉireann, chomh maith le Plean Mionsonraithe i gcomhair Ionchuimsitheachta Sóisialta 2020–2025 Uaillmhian, Spriocanna agus Tiomantais.

gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/46557/bf7011904ede4562b925f98b15c4f1b5.pdf#page=1

**Líonraí Rannpháirtíochta Pobail**
Is éard atá i Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) ná líonra a ligeann d'údaráis áitiúla nascadh le grúpaí pobail timpeall na tíre. Is é an PPN an spriocfhoinse do gach údarás áitiúil atá ag iarraidh feidhm a bhaint as saineolas poiblí agus deonach ina cheantar

gov.ie/en/policy-information/b59ee9-community-network-groups

**Aonaid um Chuimsiú Sóisialta**
Tá Aonaid um Chuimsiú Sóisialta ar fáil i roinnt réigiún in Éirinn. Tá sé de chúram orthu seo cinntiú go bhfuil rannpháirtíocht iomlán ó gach ball den phobal sa phróiseas cinnteoireachta. Tá eolas ar fáil ach dul go dtí na hÚdaráis Áitiúla.

## Eagraíochtaí Acmhainne agus Comhlachtaí Ionadaíochta

**Comhairle Náisiúnta na nÓg**
Is é NYCI an comhlacht ionadaíochta i gcomhair eagraíochtaí óige in Éirinn.

youth.ie

**Ionad Pavee**
Is eagraíocht náisiúnta neamhrialtasach é an tIonad Pavee don Lucht Siúil agus muintir Roma atá déanta de bhaill den Lucht Siúil, de mhuintir Roma agus den daonra mór ag obair as lámh a chéile ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla agus idirnáisiúnta. Liostáiltear eagraíochtaí den Lucht Siúil in Éirinn ar shuíomh idirlín Ionad Pavee.

paveepoint.ie/traveller-organisations

**An tÚdarás Náisiúnta Míchumais**
Naisc go dtí acmhainní agus Sraith Straitéisí Rochtana le comhairle ar conas dea-sheirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí faoi mhíchumais, agus conas rochtain níos fearr a chur ar eolas.

nda.ie/resources/accessibility-toolkit

**Comhairle Náisiúnta na mBan**
Is í Comhairle Náisiúnta na mBan an phríomheagraíocht ionadaíochta do mhná agus ghrúpaí ban in Éirinn. Is í an sprioc atá ag Comhairle Náisiúnta na mBan ná Éirinn ina bhfuil teacht ag gach bean ar chomhionannas, agus nach bhfágtar aon bhean ar leataobh.

nwci.ie

**An Líonra um Chomhionannais Trasinscneach in Éirinn (TENI)**
Téann TENI i mbun gníomhaíochta chun comhionannas agus sláinte daoine trasinscneacha in Éirinn a chur chun cinn. Bíonn siad ag obair ar bhonn náisiúnta i gceithre cinn de réimsí go príomha: cúram sláinte, fostaíocht, oideachas agus reachtaíocht.

teni.ie

**Arts and Disability Ireland (ADI)**
Is é Arts & Disability Ireland (ADI) an eagraíocht náisiúnta forbartha agus acmhainní do na healaíona agus an míchumas.

adiarts.ie

**Equity Éireann**
Is é Equity Éireann an t-aon cheardchumann atá ann don stáitse, scáileán, raidió, teilifís agus cabaret in Éirinn, a dhéanann ionadaíocht ar Aisteoirí, Dhamhsóirí, Thaibheoirí Sráide, Stiúrthóirí Téatair, Dhearthóirí Stáitse agus Suímh.

irishequity.ie

**LADT Éireann**
Is eagraíocht náisiúnta é LADT Éireann a sholáthraíonn tacaíocht, traenáil agus abhcóideacht, agus é mar aidhm aige saolta na ndaoine LADT+ ar fud na hÉireann a fheabhsú.

lgbt.ie

# Aguisín
# (Teimpléid Cheistneoirí)

→ Téigh chuig clár an ábhair

Is féidir leis an gceistneoir féin-iniúchta seo a bheith mar phointe tosaigh do d'eagraíocht, chun beartais agus cleachtais reatha a mheas agus chun réimsí forbartha a aithint. Cuimhnigh go bhfuil gach eagraíocht uathúil, agus mar sin tóg am chun machnamh cúramach a dhéanamh ar céard a chiallaíonn sé seo duitse.

→ Íoslódáil agus comhlánaigh an ceistneoir féin-iniúchta iomlán in MS Word

**Nóta:** **Soláthraítear roinnt freagraí samplacha**

| Ceisteanna | Cleachtais reatha | Réimsí forbartha | Gníomhartha |
|---|---|---|---|
| An aithnítear luachanna Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta inár n-eagraíocht? | Aithnímid na luachanna seo inár ráiteas misin. | Cur le feiceálacht ár dtiomantais tríd é a chur in iúl ar ár suíomh idirlín, ár n-ábhair phriontáilte agus ár gcumarsáid inmheánach/sheachtrach. | Oibreoimid ar bheartas CÉI a bheidh nasctha lenár straitéis agus misean chun ár dtiomantas a threisiú. Cuirfimid ár dtiomantas in iúl sa chumarsáid a bhaineann lenár gcláir go léir. |
| An bhfuil Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht lonnaithe go daingean ag gach leibhéal dár n-eagraíocht, agus an bhfuil línte freagrachta soiléire ann? | Tá beartas comhionannais inscne againn atá mar chuid dár leabhrán foirne. Déanann sé seo eolas dár gcleachtais earcaíochta. | CÉI a chur i bhfeidhm ag gach leibhéal, lena n-áirítear earcú ealaíontóirí agus oibrithe sealadacha eile.<br><br>Na catagóirí cosanta go léir a chur san áireamh. | Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais earcaíochta.<br><br>An leabhrán foirne a leasú. |

| Ceisteanna | Cleachtais reatha | Réimsí forbartha | Gníomhartha |
|---|---|---|---|
| An eagraíocht fháilteach agus inrochtana sinn do gach duine, beag beann ar inscne, chlaonadh gnéis, stádas sibhialta nó teaghlaigh, chreideamh, aois, chine, mhíchumas, bhallraíocht den Lucht Siúil, nó stádas socheacnamaíoch? | | | |
| An bhfuil gach ball den eagraíocht ar an eolas faoi bheartais Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta ár n-eagraíochta? | | | |
| An bhfuil beartais agus gnáthnósanna forbartha againn cheana féin a d'fhéadfadh, d'aon ghnó nó de thaisme, daoine a chur ó dheiseanna lenár n-eagraíocht a bhaint amach? | | | |

| Ceisteanna | Cleachtais reatha | Réimsí forbartha | Gníomhartha |
|---|---|---|---|
| An léirítear éagsúlacht na hÉireann le foireann agus le cinnteoirí ár n-eagraíochta, agus tagairt ar leith do na 9 saintréith chosanta agus don stádas socheacnamaíoch? | | | |
| An bhfuil spás tiomnaithe chun plé a dhéanamh ar spriocanna Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta, agus ar dhul chun cinn na heagraíochta sa réimse seo? | | | |
| Conas a fhaighimid eolas agus conas a bhailímid sonraí maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht? | | | |

| Ceisteanna | Cleachtais reatha | Réimsí forbartha | Gníomhartha |
|---|---|---|---|
| An léirítear éagsúlacht na hÉireann le foireann agus le cinnteoirí ár n-eagraíochta, agus tagairt ar leith do na 9 saintréith chosanta agus don stádas socheacnamaíoch? | | | |
| An bhfuil baill ár mBord ionadaíoch ar éagsúlacht na hÉireann, le tagairt shonrach do na 9 saintréith chosanta agus don stádas socheacnamaíoch? | | | |
| An bhfuil córas i bhfeidhm againn chun ár n-eolas ar chúrsaí a bhaineann le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a mhéadú agus a uasdátú? | | | |

Féadann an ceistneoir seo a bheith ina phointe tosaigh chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a mheas i ndáil ar chur chuige d'eagraíochta chun ealaíontóirí a fhostú, agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Cuimhnigh go bhfuil gach eagraíocht uathúil, agus mar sin tóg am chun machnamh cúramach a dhéanamh ar céard a chiallaíonn sé seo duitse.

→ Íoslódáil agus comhlánaigh an ceistneoir féin-iniúchta iomlán in MS Word

| Ceisteanna | Cleachtais reatha | Réimsí forbartha | Gníomhartha |
|---|---|---|---|
| An eagraíocht fháilteach agus inrochtana sinn do gach ealaíontóir, beag beann ar a n-inscne, a gclaonadh gnéis, a stádas sibhialta nó teaghlaigh, a gcreideamh, a n-aois, a míchumas, a gcine, a mballraíocht sa lucht siúil, nó a stádas socheacnamaíoch? | | | |
| An bhfuil rannpháirtithe/ lucht féachana nó grúpaí a d'fhéadfaí a fhágáil ar lár d'aon ghnó nó de thaisme? | | | |

| Ceisteanna | Cleachtais reatha | Réimsí forbartha | Gníomhartha |
|---|---|---|---|
| An bhfuil ealaíontóirí ar an eolas faoi luachanna agus bheartais ár n-eagraíochta i ndáil ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht? | | | |
| An bhfuil spriocanna soiléire agus dearcadh soiléir againn ar conas is féidir linn ionchuimsitheacht agus éagsúlacht a fheabhsú do na healaíontóirí a fhostaímid agus lena dtacaímid? | | | |
| An gcoimeádaimid sonraí bonnlíne ar an réimse ealaíontóirí lena dtacaímid? An bhféadfaimis na slite a bhfaighimid sonraí maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a fheabhsú? | | | |

| Ceisteanna | Cleachtais reatha | Réimsí forbartha | Gníomhartha |
|---|---|---|---|
| An bhfuil lámh ag ealaíontóirí i bhforbairt ár straitéisí Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta? | | | |
| An bhfuil na healaíontóirí a bhíonn fostaithe agus coimisiúnaithe againn ionadaíoch ar éagsúlacht na hÉireann, le tagairt shonrach do na 9 saintréith chosanta agus don stádas socheacnamaíoch? | | | |
| An bhfuil próiseas cothrom, trédhearcach agus ionchuimsitheach againn chun ealaíontóirí a choimisiúnú? | | | |

Féadann an ceistneoir seo a bheith ina phointe tosaigh chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a mheas i ndáil ar chur chuige d'eagraíochta chun freastal do lucht féachana áitiúil. Cuimhnigh go bhfuil gach eagraíocht uathúil, agus mar sin tóg am chun machnamh cúramach a dhéanamh ar céard a chiallaíonn sé seo duitse.

→ Íoslódáil agus comhlánaigh an ceistneoir iomlán féin-iniúchta maidir le Rannpháirtíocht an Luchta Féachana in MS Word

| Ceisteanna | Cleachtais reatha | Réimsí forbartha | Gníomhartha |
|---|---|---|---|
| An eagraíocht fháilteach agus inrochtana sinn do gach lucht féachana/rannpháirtí, beag beann ar a n-inscne, a gclaonadh gnéis, a stádas sibhialta nó teaghlaigh, a gcreideamh, a n-aois, a míchumas, a gcine, a mballraíocht sa lucht siúil, nó a stádas socheacnamaíoch? | | | |
| An bhfuil rannpháirtithe/lucht féachana nó grúpaí ann a d'fhéadfaí a fhágáil ar lár d'aon ghnó nó de thaisme? | | | |

# ❾ Ceistneoir Féin-iniúchta don Lucht Féachana/do Rannpháirtithe

| Ceisteanna | Cleachtais reatha | Réimsí forbartha | Gníomhartha |
|---|---|---|---|
| An bhfuil lucht an féachana/ na rannpháirtithe ar an eolas faoi luachanna agus bheartais ár n-eagraíochta i ndáil ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht? | | | |
| An bhfuil lámh ag an lucht féachana/ag na rannpháirtithe i bhforbairt ár straitéisí Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta? | | | |
| An bhfuil spriocanna soiléire agus dearcadh soiléir againn ar conas is féidir linn ionchuimsitheacht agus éagsúlacht a fheabhsú don lucht féachana/ do na rannpháirtithe dá ndéanaimid cláir? | | | |

# ❾ Ceistneoir Féin-iniúchta don Lucht Féachana/do Rannpháirtithe

| Ceisteanna | Cleachtais reatha | Réimsí forbartha | Gníomhartha |
|---|---|---|---|
| An gcoimeádaimid sonraí bonnlíne ar ár lucht féachana/rannpháirtithe? An bhféadfaimis na slite a bhfaighimid sonraí maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht a fheabhsú? | | | |
| An bhfuilimid ag tógáil céimeanna dearfacha lena chinntiú go bhfuil an lucht féachana/rannpháirtithe atá againn ionadaíoch ar éagsúlacht na bpobal áitiúil agus an pobal níos leithne, le tagairt shonrach do na 9 saintréith chosanta agus don stádas socheacnamaíoch? | | | |

# ❾ Teimpléad Bunghníomhartha

Tar éis bunghníomhartha a aimsiú, b'fhéidir go mba mhaith leat tosaíocht a thabhairt do na cinn is tábhachtaí dar le d'fhoireann agus do bhord, agus amscála a phleanáil atá indéanta leis na hacmhainní atá agat faoi láthair. Is féidir úsáid a bhaint as an ngreille thíos mar uirlis bhreise chun teacht ar na hacmhainní atá ag teastáil ó d'eagraíocht chun gníomhartha a chur i bhfeidhm laistigh den amscála.

→ Íoslódáil agus comhlánaigh an Teimpléad de Bhunghníomhartha in MS Word

| Gníomhartha | Leibhéal Tosaíochta | Amscála | Acmhainní Riachtanacha | Ba(i)ll Foirne |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

# Go Raibh Maith Agat

artscouncil.ie